C/2025/707

10.2.2025

Iarraidh arréamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil) a taisceadh an 17 Deireadh Fómhair 2024 – Unione Fiduciaria SpA, Assoservizi Fiduciari, Torino Fiduciaria – Fiditor Srl, Ser-Fid Italiana Fiduciaria e di Revisione SpA v Ministero delle Imprese e del Made in Italy, Presidenza del Consiglio dei Ministri, Ministero dell'Economia e delle Finanze, Garante per la Protezione dei Dati Personali, Unioncamere (Unione Italiana delle Camere di Commercio, Industria, Artigianato e Agricoltura), Camera di Commercio Industria Artigianato Agricoltura di Milano, Monza-Brianza, Lodi, Camera di Commercio Industria e Artigianato di Torino, Camera di Commercio Industria Artigianato Agricoltura di Roma, Camera di Commercio Industria Artigianato Agricoltura di Torino, Infocamere Scpa

(Cás C-685/24, Unione Fiduciaria agus páirtithe eile)

(C/2025/707)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Consiglio di Stato

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: Unione Fiduciaria SpA, Assoservizi Fiduciari, Torino Fiduciaria – Fiditor Srl, Ser-Fid Italiana Fiduciaria e di Revisione SpA

Cosantóirí: Ministero delle Imprese e del Made in Italy, Presidenza del Consiglio dei Ministri, Ministero dell'Economia e delle Finanze, Garante per la Protezione dei Dati Personali, Unioncamere (Unione Italiana delle Camere di Commercio, Industria, Artigianato e Agricoltura), Camera di Commercio Industria Artigianato Agricoltura di Milano, Monza-Brianza, Lodi, Camera di Commercio Industria e Artigianato di Torino, Camera di Commercio Industria Artigianato Agricoltura di Roma, Camera di Commercio Industria Artigianato Agricoltura di Torino, Infocamere Scpa

Na ceisteanna a tharchuirtear

1) An gcaithfear coincheap 'istituti giuridici' (na socruithe dlí) in Airteagal 31(1), (2) agus (10) de Threoir 2015/849 ([1]), arna leasú le Treoir (AE) 2018/843 ([2])[,] atá sa leagan Iodáilise[,] a léiriú sa chaoi go dtagraíonn sé, i gcomhréir leis an méid is féidir a bhaint as na príomhleaganacha teanga eile agus as comhthéacs agus cuspóirí na Treorach, d'aontas orgánach a bheith ann de na rialacha agus de na prionsabail lena rialaítear feiniméan sóisialta, nó, os a choinne sin, d'oibríocht shonrach eacnamaíoch agus dhlíthiúil, nó do chineálacha idirbheart eacnamaíoch agus dlíthiúil arna measúnú de réir a saintréithe substainteacha, a bhfuil struchtúr nó feidhmeanna acu, in aon chás, atá cosúil le struchtúr nó feidhmeanna na n-*iontaobhas*?

2) An gcaithfear Airteagal 31(10) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir [AE] 201[8]/84[3], a léiriú sa chaoi nach bhfuil feidhm cheangailteach dhlíthiúil ag na fógraí a thugann na Ballstáit agus ag an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ach gur gníomhartha iad chun socruithe dlí atá comhchosúil le *hiontaobhais* sna córais dlí éagsúla a aithint, agus mar thoradh air sin is faoin gcúirt náisiúnta agus chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh atá sé in aon chás a fhíorú, i gcás díospóide, an bhfuil cosúlacht den sórt sin ann le *hiontaobhais* i struchtúr nó i bhfeidhmeanna na socruithe sin i bhfianaise fhorálacha na Treorach amháin, ós rud é nach féidir a mheas go bhfuil na gníomhartha sin lena bhforlíontar dlí [AE] ceangailteach?

([1]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO 2015 L 141, lch. 73).

([2]) Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO 2018 L 156, lch. 43).

3) An gcaithfear dlí an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, aithrisí 1, 2, 4, 5, 12, 13, 14, 15, 16, 17, Airteagail 2, 3(1) [pointe] 6, agus 31 de Threoir (AE) 2015/849, agus aithrisí 4, 5, 16, 17, 25, 26, 27, 28, 29, 30, 31, 32, 33 agus 34, de Threoir (AE) 2018/843, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht a leagtar síos in Airteagal 1(2)(ee) agus Airteagail 20, 21 and 22 de D.Lgs. n. 231/2017 (Foraithne Reachtach Uimh. 231/2017), a mhéid a áirítear leis, i measc na socruithe dlí a bhfuil struchtúr agus feidhmeanna acu atá cosúil le *hiontaobhais,* sainorduithe muiníneacha na gcuideachtaí iontaobhais?

4) An gcuirtear cosc le dlí an Aontais, agus go háirithe le prionsabal na comhréireachta, agus le forálacha Airteagal 31(1) de Threoir (AE) 2015/849, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(4) CFAE agus aithrisí 5 agus 27 de Threoir (AE) 2018/843, ar rialacha náisiúnta amhail na rialacha dá dtagraítear in Airteagail 1 (2)(ee), 20, 21 agus 22 de D.Lgs. n. 231/2017, a mhéid (...) a áirítear i measc na socruithe dlí a bhfuil struchtúr agus feidhmeanna acu atá cosúil le hiontaobhais shainorduithe muiníneacha (...) cuideachtaí iontaobhais, cé go bhfuil gníomhaíocht na gcuideachtaí sin faoi réir roinnt oibleagáidí agus faoi réir maoirseacht ag roinnt údarás náisiúnta agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na hoibríochtaí a dhéantar á gcur san áireamh?

5) An bhfuil forálacha Airteagal 31(1), (2) agus (10) de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843, neamhbhailí toisc go bhfuil siad i gcoinbhleacht le hAirteagail 114 agus 288(3) CFAE agus le prionsabal na héifeachtachta?

6) An gcaithfear dlí an Aontais, go háirithe aithrisí 1, 2, 5, 12, 13, 14, 15, 16, agus 17 de Threoir (AE) 2015/849 agus Airteagail 30 agus 31 den Treoir sin, aithrisí 4, 5, 16 go 17, 25 go 34 de Threoir (AE) 2018/843, Airteagail 6, 7, 8 agus 16 den Chairt, agus prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) CAE, a léiriú – freisin i bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 22 Samhain 2022 i gCásanna C-37 /20 agus C-601/20 — mar chosc ar rialacha amhail na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 21(7) (d-bis) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 231/2007 agus Airteagal 7(2) de D.M n. 55/2022 (Foraithne Aire Uimh. 55/2022), lena gceadaítear rochtain ag daoine aonair príobháideacha, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil leas idirleata acu, a bhfuil leas dlíthiúil ábhartha agus difreáilte acu, i gcásanna inar gá eolas ar an úinéireacht thairbhiúil chun aghaidh a thabhairt ar leas a fhreagraíonn do chás atá faoi chosaint dhlíthiúil nó chun leas a chosaint, i gcás ina bhfuil fianaise dhoiciméadach nithiúil ar neamhchomhfhreagras idir úinéireacht thairbhiúil agus úinéireacht dhlíthiúil, lena gceanglaítear freisin go mbeadh an leas díreach, nithiúil agus reatha agus, i gcás eintitis a ionadaíonn leasanna idirleata, nach bhfuil sé comhthráthach le leas daoine aonair a bhaineann leis an gcatagóir ionadaíocht?